



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim Teanga 2021-2024

#IsMuidETBDhúnnanGall

Clár ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	2
1.1 Réamhrá	2
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	2
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	2
Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall	3
2.1 Mandáid agus Misean	3
2.2 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara	4
2.3 Réimsí Feidhme an Bhoird	4
Caibidil 3: Teangacha ina gcuirtear Seirbhísí ar fáil faoi láthair	6
Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a Fheabhsú	8
4.1 Modhanna Cumarsáide leis an phobal	8
4.2 Na Meáin Chumarsáide	8
4.3 Teicneolaíocht Faisnéise	9
Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Gaeltachta a Fheabhsú	10
5.1 Cumarsáid i gCeantair Ghaeltachta	10
Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú	11
6.1 Earcaíocht agus Roghnú	11
6.2 Oiliúint agus Forbairt	11
6.3 Anailís ar na Riachtanais agus Measúnú	12
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	12
Caibidil 8: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú	13

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla,

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh d'achar ama comhaontaithe.

De réir alt 14 (3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim úr, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuí.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall á threorú ag an phrionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- bunleibhéal an éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith seirbhísí den sórt sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Cuireann an scéim seo le prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus lenár gCairt Custaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonadh ETB Dhún na nGall go hiomlán gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ar bhonn céimnithe tríd an scéim seo agus scéimeanna eile amach anseo. Aithníonn muid an t-am a caitheadh ar ullmhú na scéime seo agus an iarracht a rinne gach duine a bhfuil baint acu leis an phróiseas; tá muid iontach buíoch as an obair sin uilig.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosóidh sé le héifeacht ón 01/04/2021 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim úr deimhnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

2.1 Sainordú agus Misean

Ráiteas Misin

'Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis, rud a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chúramach'

Bunaíodh ETB Dhún na nGall faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is é sainchúram reachtúil an Bhoird seirbhísí iar-bhunscoile, oideachais leanúnaigh, breisoideachais agus oideachais pobail agus oiliúna (agus seirbhísí gaolmhara) a sholáthar do mhuintir Dhún na nGall.

Go geografach, leathnaíonn sainchúram an Bhoird ó Mhálainn i dtuaisceart an chontae go Bun Dobhráin sa deisceart, an Charraig san iardheisceart go dtí na hoileáin, Árainn Mhór agus Toraigh, san iarthuaisceart. Tá Dún na nGall uathúil sa mhéid is go bhfuil an tAigéan Atlantach taobh thiar de, tá contaetha Dhoire, Thír Eoghain agus Fhear Manach taobh thoir de agus tá Contae Liatroma ó dheas agus gan ach fiche ciliméadar de theorainn leis an Stát.

Cuireann an Bord réimse leathan de sheirbhísí oideachais ar fáil sna limistéir sin. Cuimsíonn na seirbhísí oideachais ghaolmhara oideachas iar-bhunscoile lánaimseartha a sholáthar i gcúig cinn déag de Bhunscoileanna / Coláistí Iar-Bhunscoile, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin, ceithre cinn déag de Shainionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna atá lonnaithe ar fud an chontae agus soláthar do dhaoine óga i roinnt mhaith scoileanna agus ionad pobalbhunaithe.

Trína Chlár Seirbhísí Óige, tugann an Bord tacaíocht do Ghrúpaí Óige deonacha, do Thionscadail Áitiúla don Óige agus do Sheirbhísí don Óige ar mhaithe le cláracha oideachais, forbraíochta agus caitheamh aimsire a chur ar fáil don aos óg.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall teagasc uirlisí agus gutha iarscoile ar ardchaighdeán ar fáil maidir le réimse leathan uirlisí ceoil i roinnt mhaith ionad ar fud an Chontae; den chuid is mó réachtáiltear na ranganna sin sa líonra scoileanna, coláistí agus ionad atá ag ETB Dhún na nGall.

Tá ETB Dhún na nGall lándáiríre faoi sheirbhísí oideachais chomhtháite agus seirbhísí gaolmhara den chaighdeán is airde a chur ar fáil le freastal ar riachtanais oideachais na bpobal i nDún na nGall.

2.2 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara

Bíonn tionchar ag toradh obair an Bhoird ar réimse leathan daoine, idir dhaltaí iar-bhunscoile, fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, fhoghlaimoirí fásta, fhoghlaimoirí athdheise agus phobail áitiúla, go háirithe iad siúd i gceantair thuaithe agus ceantair faoi mhíbhuntáiste. Ach is iad seo a leanas eochairpháirtithe leasmhara agus custaiméirí an Bhoird:

- Bord agus Coistí (Comhaltaí)
- Pobail ar fud an chontae
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- Fostaithe an Bhoird
- Ceardchumann Ionadaíochta Fostaithe
- Ranna Rialtais agus Cleamhnaithe
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Iarthuaisceart)
- Údarás Áitiúla
- Tuismitheoirí agus Caomhnóirí
- Comhpháirtithe Sóisialta, lena n-áirítear an earnáil phobail agus dheonach agus ionadaithe fostaithe
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Daltaí agus Printísigh
- Eagraíochtaí Deonacha, Óige agus Spóirt

2.3 Réimsí Feidhme an Bhoird Cuimsíonn réimsí feidhme an Bhoird:

Ról Seachtrach

- Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna
- An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Seirbhísí um Oideachas Bunúsach
- An Clár Tacaíochta um Oideachas Pobail
- Seirbhís Oiliúna
- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall
- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin
- Bunscoileanna agus Coláistí Iar-Bhunscoile
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
- Seirbhísí le haghaidh Obair don Ógra

- Cumasóige

b) Aonaid Tacaíochta Inmheánacha

- Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha
- An Rannóg Bainistíochta Eastát
- An Rannóg Airgeadais
- An Rannóg Acmhainní Daonna
- An Rannóg TF
- An Rannóg Soláthair

Caibidil 3: Teangacha ina gcuirtear Seirbhísí ar fáil faoi láthair

Sa chaibidil seo leagtar amach na sonraí maidir le soláthar seirbhíse ag Scoileanna / Coláistí / Ionaid aonair laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal <ul style="list-style-type: none"> ▪ Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha ▪ Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn 		√	
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna <ul style="list-style-type: none"> ▪ Baile Dhún na nGall ▪ Leitir Ceanainn ▪ Baile na nGallóglach ▪ Béal Átha Seanaidh ▪ Bun Cranncha ▪ Ionad Oideachais, Leitir Ceanainn ▪ Leitir Ceanainn (BTEI agus SDOG/VTOS) ▪ Cumasóige Leifir ▪ Cumasóige Ghleann Gad 	√		
An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach <ul style="list-style-type: none"> ▪ Leitir Ceanainn 	√		
Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal <ul style="list-style-type: none"> ▪ Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall ▪ Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth ▪ Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn ▪ Coláiste Mhagh Éne, Bun Dobhráin ▪ Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach ▪ Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir ▪ Gairmscoil Chaitriona, Na Cealla Beaga ▪ Coláiste Cranncha, Bun Cranncha ▪ Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Bun an Phobail 	√		
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin	√		

Oifigí Riaracháin, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn Seirbhísí Corparáideacha Acmhainní Daonna An Rannóg Airgeadais TFC Bainistíocht Eastát Soláthar			√
Soláthar Seirbhíse i gceantair Ghaeltachta	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Go dátheangach
Seirbhísí Oideachais Bhunúsaigh I gceantair Gaeltachta			√
Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Pobail I gceantair Ghaeltachta			√
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna <ul style="list-style-type: none"> • Ionad FET, Gort an Choirce • Ionad Oiliúna, Gaoth Dobhair 		√	
Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal <ul style="list-style-type: none"> • Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh • Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir 		√	
Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal <ul style="list-style-type: none"> • Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór • Coláiste na Carraige, An Charraig 			√

Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú

Mar aon leis na riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, leagann an chaibidil seo amach na gealltanais a thug ETB Dhún na nGall le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge agus ar an chumarsáid leis an phobal trí mheán na Gaeilge.

4.1 Modhanna cumarsáide leis an phobal

- Freagairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.
- Tabhair freagra i nGaeilge ar ghlaiteoirí ar mian leo labhairt i nGaeilge, nuair is féidir, nó a thairiscint go gcuirfidh ball foirne, ar féidir leis déileáil le ceisteanna i nGaeilge, scairt ar ais orthu laistigh de 1 lá oibre.
- Foilseacháin chorparáideacha a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla.
- Faisnéis a sholáthar don fhoireann ar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus a bhfreagrachtaí faoin Scéim Gaeilge.
- Tabharfaidh an fhoireann fáiltithe ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. Beannófar do chustaiméirí ar dtús i nGaeilge agus ansin i mBéarla. Cuirfear liosta cothrom le dáta ar fáil de na baill foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.
- Tabharfaidh baill foirne dátheangacha le fios do chustaiméirí go bhfuil siad toilteanach freastal orthu as Gaeilge, más gá. Beidh beannachtaí teileafóin phearsanta réamhthaifeadta ag an fhoireann sin dátheangach.
- Beidh 20% d'fhógraí beo dátheangach
- Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge ar fáil de na bileoga eolais agus de na bróisiúir is mó úsáid.
- Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó úsáid.
- Cuirfear gach foirm iarratais úr ar fáil as Gaeilge, nó go dátheangach.

4.2 Meáin

- Eiseofar gach preasráiteas go dátheangach. Beidh sé mar chuspóir againn an t-ábhar sin a eisiúint ag an am céanna.
- Beidh urlabhraí/urlabhraithe Gaeilge ar fáil le haghaidh agallamh leis na meáin Ghaeilge.
- Cuirfidh muid 15% d'ábhar Gaeilge san áireamh in óráidí Béarla. Táthar ag súil le go n-áireoidh sé sin ar a laghad beannachtaí ag tús agus ag deireadh óráidí mar aon le tagairtí as Gaeilge anois is arís don ábhar agus/nó don ócáid atá i gceist.
- Is é an tosaíocht ná gur i nGaeilge amháin a bheidh na hóráidí a bhaineann leis an Ghaeltacht / a bheidh ar siúl sa Ghaeltacht, agus ina dhiaidh sin nuair is gá le hachóimre i mBéarla do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu a d'fhéadfadh a bheith i láthair.

4.3 Teicneolaíocht Faisnéise

- Seoladh ríomhphoist tiomnaithe is ea eolas@donegaletb.ie do cheisteanna i nGaeilge; tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin.
- Beidh na buntásca caighdeánacha ríomhphoist ar nós séanadh dátheangach.
- Beidh an t-ábhar statach ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall ar fáil go dátheangach. Beidh nasc ón leathanach sa leagan Béarla den suíomh gréasáin chuig an leathanach cuí sa leagan Gaeilge.
- Forbraíodh leathanach Gaeilge ar an inlíon agus beidh treoir bhunúsach ann maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus infhaighteacht acmhainní Gaeilge.
- Beidh an t-ábhar statach ar aon suíomh gréasáin tánaisteach de chuid ETB Dhún na nGall ar fáil go dátheangach.
- Beidh an córas ríomhaireachta úr atá á shuiteáil in ann an Ghaeilge a láimhseáil.
- Cuirfear aon seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha a fhorbróidh an comhlacht poiblí é féin ar fáil go dátheangach. Cuirfear seirbhísí úra ar líne agus seirbhísí idirghníomhacha ar fáil go dátheangach.
- Áireoidh suíomh gréasáin ETB Dhún na nGall ráiteas dátheangach ón Phríomhfheidhmeannach ag dearbhú dhiongbháilteacht an Bhoird maidir leis na gealltanais a tugadh i scéim teanga an Bhoird a chur i bhfeidhm.
- Tá taglínte dátheangacha againn anois
#WeAreDonegalETB / #IsMuidETBDhúnnanGall
#GoFurtherWithDonegalETB / #CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall
- Reáchtálann ETB Dhún na nGall formhór a chruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Mar sin féin, tá sé mar pholasaí ag an Bhord go reáchtálfar aon chruinnithe poiblí a thionólfar sa Ghaeltacht, nó a bhaineann le saincheisteanna Gaeltachta, trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach. Maidir le cruinnithe poiblí a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge i gcoitinne, d'fhéadfaí a leithéid de chruinnithe a reáchtáil trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach.
- Fáilteofar roimh thuairimí as Gaeilge nó as Béarla ag cruinnithe poiblí arna n-eagrú ag nó thar ceann an chomhlachta poiblí.

Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a fheabhsú

Ag feabhsú sholáthar na seirbhísí i nGaeilge i limistéir Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta.

5.1 Cumarsáid i gCeantair Ghaeltachta

Féachann ETB Dhún na nGall, i ngach bealach is féidir leis, le foireann teagaisc a cheapadh atá ábalta na roghanna iomlána ábhar curaclaim a chur ar fáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge. Déanann an Bord agus an Príomhfheidhmeannach monatóireacht agus grinnscrúdú ar *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2016) agus forbairtí breise maidir leis sin.

Tá an Bord tiomanta do gach is féidir a dhéanamh chun Gaeltacht Chontae Dhún na nGall a chothú agus a neartú agus déanfaidh sé gach iarracht lena chinntiú go ndéanfar na seirbhísí go léir a bhaineann leis an Ghaeltacht a sheachadadh trí mheán na Gaeilge.

Liosta de Scoileanna agus Ionaid an Bhoird a sholáthraíonn seirbhísí i nGaeilge

- Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh
- Gairmscoil Chú Uladh, Béal An Átha Móir
- Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór
- Coláiste na Carraige, An Charraig
- Ionad FET, Gort an Choirce
- Ionad Oiliúna, Gaoth Dobhair

Lasmuigh de cheantair Ghaeltachta cuireann na scoileanna seo a leanas seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge: -

- Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha
- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

Oibreoidh ETB Dhún na nGall de réir a chéile ionas go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre ina oifigí go léir atá lonnaithe sa Ghaeltacht faoi dheireadh an dara Scéim de chuid an Bhoird.

Tá sé mar pholasaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall riarthóirí agus gach fostóir eile a cheapadh ina chuid Scoileanna/Coláistí/Ionad Gaeltachta a bheidh ábalta freastal ar an phobal ar mian leo a gnó a dhéanamh leis an Bhord trí mheán na Gaeilge.

Cuirfear na cáipéisí uilig a bhaineann le limistéir Ghaeltachta ar fáil i nGaeilge amháin, nó go dátheangach agus féachfaidh an Bord le gach cruinniú dá chuid do phobal na Gaeltachta a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

Chun na hiarrachtaí sin agus seirbhís éifeachtach a éascú i ngach Scoil/Coláiste/Ionad trí mheán na Gaeilge, leanfaidh ETB Dhún na nGall ag lorg cead agus maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Timire Gaeilge (Oifigeach Gaeilge) a cheapadh, duine a bhfuil na cáilíochtaí, an t-eolas agus na scileanna cuí aige.

Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú

6.1 Earcaíocht agus Roghnú

Is é earcú foirne leis an leibhéal inniúlachta iomchuí sa Ghaeilge i ngach réimse oibre de chuid ETB Dhún na nGall an príomhbhealach le barrfheabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir chreatlach na nósanna imeachta aontaithe náisiúnta earcaíochta, ar an ghá le cumas Gaeilge a fheabhsú céim ar chéim.

Ó thosach feidhme na Scéime seo, cuirfear pacáiste ionductaithe ar fáil do gach ball foirne úr ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe lena chinntiú go gcuirfear ar an eolas iad faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

Áireoidh foirmeacha iarratais ceist maidir le cumas Gaeilge an iarratasóra.

Beidh agallaimh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla ar fáil, faoi réir réamhfhógra ón iarrthóir faoina rogha teanga. Ní bheidh aon rogha teanga i gceist i gcásanna ina bhfuil Gaeilge ina gné riachtanach le haghaidh an phoist atá i gceist; réachtálfar an t-agallamh trí mheán na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil leibhéal leordhóthanach Gaeilge ag an iarrthóir a roghnófar.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne le freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna lena gcumas Gaeilge a fheabhsú.

Tairgfear forbairt ghairmiúil leanúnach chuí, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, do bhaill foirne an Bhoird le hiad a spreagadh lena gcumais Ghaeilge a fheabhsú.

Cuirfear deiseanna ar fáil le hinniúlacht Ghaeilge na mball foirne a fhorbairt. I gcomhar le lucht soláthair oideachais Gaeilge, déanfar socruithe cuí le haghaidh soláthar oiliúna agus teastasaithe Gaeilge le:

- tacú le baill foirne lena n-inniúlacht Ghaeilge a choinneáil agus a fhorbairt,
- feabhas a chur ar chumas na foirne oibleagáidí Gaeilge a gcuid dualgas a chomhlíonadh, agus
- córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil do bhaill foirne.

Éascófar agus roinnfear rochtain ar fhaisnéis faoi acmhainní teanga ar leathanach Gaeilge inlín na foirne. Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi acmhainní ar nós www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.teanglann.ie agus www.abair.ie, www.potafoical.com, mar aon le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge – Béarla Uí Dhónaill.

Spreagfar baill foirne le páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha agus teanga.

Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh - ag tairiscint seirbhísí i nGaeilge go réamhghníomhach don phobal.

Tá roinnt Polasaithe Oiliúna agus Forbartha ag ETB Dhún na nGall do chatagóirí éagsúla foirne chun baill foirne a éascú agus a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú cúrsaí mar Dioplómaí agus Céimeanna i nGaeilge, cúrsaí aistriúcháin, cúrsaí i nGaeilge labhartha agus scríofa, agus cinn eile nach sonraítear. Bheadh tionchar dearfach ag oiliúint mar sin ar chumas na foirne bainistíochta ginearálta agus riaracháin maidir le ardleibhéal seirbhíse a thairiscint i nGaeilge.

6.3 Anailís ar na Riachtanais agus Measúnú

Leanfaidh ETB Dhún na nGall air ag tabhairt deiseanna do bhaill foirne leas a bhaint as deiseanna oiliúna sa todhchaí agus a spéis a léiriú iontu.

Reáchtáladh suirbhé foirne in 2019 agus mar gheall ar an aiseolas tá cúrsa creidiúnaithe Gaeilge agus cúrsa comhrá Gaeilge á dtairiscint don fhoireann. Tá roinnt mhaith ball foirne ag tabhairt faoi na cúrsaí sin agus tá súil againn go mbeidh níos mó éilimh ar chúrsaí mar sin amach anseo.

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a F(h)oireann Bainistíochta Sinsearaí agus/nó aon duine/daoine ainmnithe eile lena n-áirítear Coiste na Gaeilge monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime.

Is é Coiste na Gaeilge pointe teagmhála na scéime agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis trí eolas@donegaletb.ie

Caibidil 8: An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Foilseofar an scéim seo go himheánach agus go seachtrach, trí phreasráiteas i dtosach. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear chuig gach ball foirne é (mar aon leis an Treoirleabhar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla) agus chuig gach gníomhaireacht chuí. D'fhéadfaí bealaí eile a úsáid leis an scéim a phoibliú.

Ina theannta sin, tapóidh muid gach deis agus muid ag plé le custaiméirí ó lá go lá leis na seirbhísí a chuireann muid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus le hiad a phoibliú trí na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha gur féidir gnó a dhéanamh linn trí mheán na Gaeilge, trí fhógraí a chur ar taispeáint áit ar bith a bhfuil fáiltiú ann ag tabhairt le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- léiriú ar threoirlínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil as Gaeilge, mura bhfuil siad curtha ar fáil go dátheangach;
- comhionannas a thabhairt d'fhoilseacháin agus d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla;
- cur chun cinn na Gaeilge ar an suíomh gréasáin corparáideach.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge den scéim seo an leagan oifigiúil.